‘Cé hé mo chomharsa? Is é an cine daonna mo chomharsa.’

Seamus Heaney (1992) An Invocation



(1939-2003)

Inscne |
Míchumas |
Páistí / Daoine Óga |
Dídeanaithe / imircigh |
Seandaoine |
Cine / eitneacht / reiligiún |
Dúchasach |
VEID |
Meabhairshláinte |
Dífhostaithe |
LADT+ |

"Táimid meáite ar an gcine daonna a shaoradh ó thiorántacht na bochtaineachta agus na díothachta agus ár bpláinéad a leigheas agus a dhéanamh slán.

Táimid tiomanta chun bearta cróga, claochlaitheacha a dhéanamh atá de dhíth go práinneach chun an domhan a chur ar chosán inbhuanaithe, acmhainneach.

Agus muid ag tosú ar an gcomhaistear

NÁ FÁG ÉINNE AR GCÚL

Gníomhaíocht a Dó

Alt maidir le Tionscadal RENEW: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

In 1955, thosaigh an cogadh idir Vítneam Thuaidh agus Vítneam Theas. Le linn an chogaidh 20 bliain (1955-1975), maraíodh breis agus 3 mhilliún duine. In 1976, tháinig Vítneam Thuaidh agus Vítneam Theas le chéile agus bunaíodh Poblacht Vítneam.

Bhí cuid mhór troda ar siúl i gcúige Quảng Trị, ar an teorainn idir Vítneam Thuaidh agus Theas. Le linn an chogaidh, níor phléasc cuid de na buamaí a thit ó eitleáin na n-arm ná na mianaigh thalún a folaíodh píosa beag faoin talamh. Tá daoine i mbaol fós ó ordanás (buamaí agus mianaigh thalún) neamhphléasctha.

In 2001, bhunaigh rialtas chúige Quảng Trị tionscadal RENEW. I mBéarla, seasann RENEW do: **R**estoring the **E**nvironment and **N**eutralizing the **E**ffects of **W**ar. Ciallaíonn sé seo, i dTionscadal RENEW, go ndéantar iarracht fadhb na mbuamaí agus na mianach talún neamhphléasctha a réiteach trí ghníomhaíochtaí éagsúla. Chabhraigh obair shuirbhé agus dhímhianaithe, (nó ordanás neamhphléasctha a ghlanadh) le cois gníomhaíochtaí chun a mhúineadh do dhaoine faoin riosca ó bhuamaí agus mianaigh thalún, chun an líon daoine a ghortaítear agus a mharaítear gach bliain a laghdú.

Tá clár cúnaimh na hÉireann ag maoiniú Thionscadal RENEW ó bhí 2011 ann.

Gníomhaíocht a Dó

Grafaicí do dhréacht-alt maidir le Tionscadal RENEW: Bileog Acmhainne do Mhúinteoir

1

Ionad Cuairteoirí *Mine Action* a eagrú chun a insint do dhaoine faoin gcogadh agus a iarmhairtí.

Dul amach chuig pobail áitiúla chun a mhúineadh do dhaoine conas a bheith sábháilte timpeall na mbuamaí agus mianach talún neamhphléasctha

Beolíne fóin a reáchtáil ionas go bhféadann daoine buamaí agus mianaigh thalún neamhphléasctha a thuairisciú

Saineolaithe a chur chuig ceantair chun suirbhé nó seiceáil a dhéanamh maidir le buamaí agus mianaigh thalún neamhphléasctha

Buamaí agus mianaigh thalún neamhphléasctha a ghlanadh ar shiúl ó cheantair

Socruithe a dhéanamh chun talamh ghlanta a thabhairt ar ais don phobal le hí a úsáid mar is gnách arís

2

3

4

Gníomhaíocht a Trí

Hoang Than agus a mhuintir: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

Hoang Than ag caint lena bheirt leanaí, Hoang Anh agus Hoang Thi Dieu Anh, faoin gcéad lá ar ais ar scoil acu i ndiaidh laethanta saoire an tsamhraidh

I gCúige Quảng Trị , i Sráidbhaile Ai Tu, i bPobal Trieu Ai, a chónaíonn Hoang Than agus a mhuintir.

Tá go leor dúshlán ina shaol sáraithe ag Than. In 1991, agus é amuigh ag cuardach miotal conamair, chaill Than lámh agus an dá chos ón nglúin anuas nuair a phléasc ordanás a fágadh ann sa chogadh. Fiche bliain d'aois a bhí sé ag an am.

Trí bliana níos moille, phós Than Le Thi Hiep, cailín as an sráidbhaile céanna. Ar dtús, chónaigh siad le tuismitheoirí Than. Rugadh a gcéad mhac in 2000. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, d'éirigh le Than agus Hiep a dteach beag adhmaid féin a thógáil. Rugadh an dara mac, Anh, in 2006.

In 2008, rinne Tionscadal RENEW teagmháil le muintir Than agus tugadh bó phórúcháin dóibh. Faoin am ar rugadh a n-iníon in 2009, agus le cuidiú an phobail, bhí muintir Than in ann a dteach a atógáil. In 2013, rinne Tionscadal RENEW measúnú ar Than agus thug siad cosa saorga saincheaptha dó (ar a dtugtar próistéisí). D'fhág sé sin go bhféadfadh sé siúl leis féin.

Bíonn a bhean ag tabhairt aire do mhuca agus do chearca sa bhaile agus bíonn Than i bhfeighil na dtrí bhó - a shaolaigh an chéad bhó a thug Tionscadal RENEW dóibh in 2008. Saothraíonn an lánúin gort beag fosta ina bhfásann go leor ríse chun an teaghlach a chothú.

Than ag glanadh rothar a iníne

Gníomhaíocht a Trí

Cuardach focal Thionscadal RENEW: Bileog oibre do dhaltaí

Tá 8 n-eochairfhocal sa chuardach focal seo ón scéal faoi Hoang Than agus a mhuintir.

Is féidir eochairfhocail a scríobh chun tosaigh nó droim ar ais, go cothrománach nó go ceartingearach. Chun rudaí a dhéanamh níos éasca, tá focal samplach (ATHNUAIGH) déanta cheana.

Nuair a bheidh na 8 n-eochairfhocal uile aimsithe agat, úsáid an tábla faoin gcuardach focal chun cur síos a dhéanamh ar céard is brí le gach eochairfhocal.

E	Q	I	J	P	Í	S	M	J	C	F	S	C	**A**	V
V	B	J	N	T	R	Z	Á	H	W	Q	A	S	**T**	K
H	F	W	S	G	S	Ó	M	N	Y	O	L	A	**H**	N
B	Q	I	C	E	V	O	I	C	A	D	E	É	**N**	E
I	Á	B	A	R	R	A	I	S	H	D	Y	L	**U**	E
P	R	O	I	P	W	Z	E	T	T	N	R	P	**A**	U
S	M	P	E	F	O	A	I	R	L	É	P	O	**I**	Z
X	K	C	U	T	J	E	Q	U	U	O	I	G	**G**	Z
D	R	A	M	H	M	H	I	O	T	A	L	S	**H**	J
N	N	O	Í	A	H	T	O	C	M	Q	J	S	Í	J

Is iad seo na focail atá tú a lorg:	**Ceapaimid go gciallaíonn an focal seo...**
ATHNUAIGH	Chun tosú arís i ndiaidh sosa nó cur isteach; Iarracht níos fearr a dhéanamh ná mar a rinneadh cheana
DRAMH-MHIOTAL	
PLÉASC	
ORDANÁS	
PRÓISTÉISÍ	
PÁISTÍ	
COTHAÍONN	
BARRA	

Gníomhaíocht a Ceathair

RENEW agus na Spriocanna Domhanda: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

Gníomhaíochtaí Thionscadal

Tionchar nó toradh Ghníomhaíochtaí Thionscadal

Cé acu gníomhaíochtaí de chuid Thionscadal RENEW ar cuidiú iad